C/2024/5689

20.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11678 – KBC BANK / BNP PARIBAS FORTIS / JOYN INTERNATIONAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5689)

1. An 13 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KBC Bank NV ('KBC Bank', an Bheilg), faoi rialú KBC Group NV (an Bheilg),

— BNP Paribas Fortis NV/SA ('BNPPF', an Bheilg), faoi rialú BNP Paribas Group (an Fhrainc),

— Joyn International NV ('Joyn', an Bheilg).

Gheobhaidh KBC Bank agus BNPPF rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Joyn ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuid de KBC Group é KBC Bank, grúpa comhtháite árachóirí bainc a dhíríonn ar chliaint mhiondíola, phríobháideacha agus chorparáideacha.

— Is soláthraí seirbhísí baincéireachta agus airgeadais é BNPPF do chliaint mhiondíola, chorparáideacha agus institiúideacha. Tá BNPPF mar chuid de BNP Paribas Group, grúpa baincéireachta domhanda atá gníomhach i mbaincéireacht mhiondíola, i mbainistiú sócmhainní agus i seirbhísí, chomh maith le baincéireacht chorparáideach agus infheistíochta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Joyn:

— cárta dílseachta digiteach agus seirbhísí margaíochta gaolmhara a thairiscint do mhiondíoltóirí áitiúla.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11678 – KBC BANK / BNP PARIBAS FORTIS / JOYN INTERNATIONAL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË